IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

**I.R. Uimh. 119 de 2022**

---

RIALACHÁIN UM THACAÍOCHT DO
MHIC LÉINN 2022

I.R. Uimh. 119 de 2022

RIALACHÁIN UM THACAÍOCHT DO MHIC LÉINN 2022

Déanaimse, SIMON HARRIS, Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta, agus Eolaíochta, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le hailt 4, 7, 8 agus 14 den Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 (Uimh. 4 de 2011) agus Ordú um Breidoideachas, agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) 2020, (I.R. Uimh. 451 de 2020), tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás um Ardoideachas, agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, leis seo na Rialacháin seo a leanas:

*Lua agus tosú*

1. (1) Féadfar na Rialacháin seo a lua mar na Rialacháin um Thacaíocht do Mhic Léinn 2022.

(2) Tiocfaidh na Rialacháin seo i bhfeidhm ar an 9 Márta 2022.

*Léiriú*

2. (1) Sna Rialacháin seo—

Ciallaíonn “Acht” an tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 (Uimh. 4 de 2011);

Ciallaíonn “creat náisiúnta cáilíochtaí” an creat cáilíochtaí a bunaíodh agus a coimeádadh de bhun alt 7 d’Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999 (Uimh. 26 de 1999);

Is é is “cúrsa iarchéime” ann cúrsa as a dtiocfaidh mórcháiliúchán ardoideachais agus oiliúna ag Leibhéal 8 (Ard-Dioplóma), Leibhéal 9 (Dioplóma Iarchéime, Céim Mháistir), Leibhéal 10 (Céim Dhochtúra) ar an gcreat cáilíochtaí náisiúnta, nó cáiliúcháin chomhchosúla;

ciallaíonn “scéim roimhe seo” an Scéim um Dheontais Ardoideachais (HEG) a rinneadh de bhun na nAchtanna um Údaráis Áitiúla (Deontais Ardoideachais) 1968 go 1992 nó na scéimeanna arna riar ag Coiste Gairmoideachais, is é sin Scéim Scoláireachtaí na gCoistí Gairmoideachais (VEC), an Scéim um Dheontais Chothabhála Tríú Leibhéil d’Fhoghlaimeoirí (TLT) agus an Scéim um Dheontais Chothabhála do Mhic Léinn ag freastal ar chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC);

ciallaíonn 'dlínse sonraithe ábhartha' an Ríocht Aontaithe maidir leis an aicme duine a bheidh forordaithe de bhua mhír (3) (ionsáite ag Rialachán 5 de na Rialacháin um Thacaíocht do Mhic Léinn (leasú) 2021) de Rialachán 5;

ciallaíonn “cúrsa fochéime” cúrsa as a dtiocfaidh cáiliúchán ardoideachais agus oiliúna ag Leibhéal 6 (Ardteastas), Leibhéal 7 (Gnáthchéim Bhaitsiléara), Leibhéal 8 (Céim Onóracha Bhaitsiléara) ar an gcreat cáilíochtaí náisiúnta, nó cáiliúcháin chomhchosúla, seachas cúrsa a gcuirtear síos dó air faoi láthair gur cúrsa teastais iarArdteistiméireachta é.

(2) Aon fhocal nó leagan cainte atá in úsáid sna Rialacháin seo agus atá in úsáid freisin san Acht, tá an chiall chéanna aige, mura bhfuil a mhalairt ag teastáil ón gcomhthéacs, agus atá aige san Acht.

(3) (*a*) Is ionann tagairt sna Rialacháin seo do Rialachán agus tagairt do Rialachán de na Rialacháin seo, mura gcuirtear in iúl go bhfuil tagairt do Rialacháin éigin eile i gceist.

(b) Is ionann tagairt sna Rialacháin seo d'alt nó d'fho-alt agus tagairt do Rialachán d'alt nó d'fho-alt san fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl go bhfuil tagairt d'fhoráil éigin eile i gceist.

(c) Is ionann tagairt sna Rialacháin seo do Sceideal agus tagairt do Sceideal do na Rialacháin seo, mura gcuirtear in iúl go bhfuil tagairt do Rialacháin éigin eile i gceist.

*Institiúidí faofa*

3. (1) Is "institiúidí faofa" iad na hinstitiúidí a liostaítear i Sceideal 1 faoi alt 7(1)(*a*) go dtí (*d*) den Acht.

(2) Tá na hinstitiúidí a liostaítear i Sceideal 2 forordaithe mar "institiúidí faofa" chun críocha alt 7(1)(*f*) agus (2) den Acht.

*Cúrsaí faofa*

4. Tá na cúrsaí seo a leanas forordaithe mar "chúrsaí faofa" chun críocha alt 8(1)(*c*) den Acht—

(a) cúrsaí lánaimseartha, ar a dtugtar "cúrsaí iar-ardteistiméireachta"—

(i) nach nglacann níos mó ná aon bhliain amháin lena gcríochnú;

(ii) atá á gcur ar fáil ag institiúid fhaofa atá laistigh de théarmaí alt 7(1)(*d*) den Acht agus liostaithe i gCuid C de Sceideal 1;

(iii) atá faofa le haghaidh maoiniú ag SOLAS mar chúrsaí iar-ardteistiméireachta; agus

(iv) nuair a chríochnaítear é, go mbronntar ar mhac léinn mórcháiliúchán oideachais agus oiliúna a aithnítear mar cháilíocht nach bhfuil ag leibhéal níos ísle ná Leibhéal 5 sa chreat cáilíochtaí;

(b) na cúrsaí lánaimseartha fochéime seo a leanas ina mbronntar, nuair a chríochnaítear iad, mórcháiliúchán ardoideachais agus oiliúna a aithnítear mar cháilíocht de bhun an chreata cáilíochtaí—

(i) cúrsa a ghlacann tréimhse nach lú ná dhá bhliain lena chríochnú agus atá á chur ar fáil ag institiúid fhaofa atá laistigh de théarmaí alt 7(1)(*a*), (*b*) (ba) nó (*c*) den Acht agus a liostaítear i gCuid A, nó B de Sceideal 1;

(ii) cúrsa ag Leibhéal 6 sa chreat cáilíochtaí a ghlacann aon bhliain lena chríochnú atá á chur ar fáil ag institiúid fhaofa atá laistigh de théarmaí alt 7(1)(*b*) (ba) or (*c*) den Acht agus a liostaítear i gCuid B de Sceideal 1;

(iii) cúrsa a ghlacann tréimhse nach lú ná dhá bhliain lena chríochnú agus atá á chur ar fáil ag institiúid fhaofa liostaithe i gCuid A de Sceideal 2;

(iv) cúrsa a ghlacann tréimhse nach lú ná dhá bhliain lena chríochnú agus a liostaítear i gCuid B de Sceideal 2, mar aon leis an institiúid fhaofa atá á chur ar fáil;

(v) cúrsa, ar a nglaoitear faoi láthair "cúrsa breise", atá á chur ar fáil ag institiúid fhaofa atá laistigh de théarmaí alt 7(1)(*a*), (*b*) (ba) nó (*c*) den Acht agus a liostaítear i gCuid A nó B de Sceideal 1 agus a ghlacann—

(I) bliain amháin lena chríochnú agus a ligeann do dhaoine dul ar aghaidh chuig cúrsa fochéime as a dtiocfaidh cáilíocht ag Leibhéal 7 sa chreat cáilíochtaí, nó

(II) bliain amháin ar a laghad lena chríochnú agus a ligeann do dhaoine dul ar aghaidh chuig cúrsa fochéime as a dtiocfaidh cáilíocht ag Leibhéal 8 sa chreat cáilíochtaí;

(vi) cúrsa, ar a nglaoitear faoi láthair "cúrsa breise", atá á chur ar fáil ag institiúid fhaofa atá liostaithe i gCuid A de Sceideal 2 agus a ghlacann—

(I) bliain amháin lena chríochnú agus a ligeann do dhaoine dul ar aghaidh chuig cúrsa fochéime as a dtiocfaidh cáilíocht ag Leibhéal 7 sa chreat cáilíochtaí, nó

(II) bliain amháin ar a laghad lena chríochnú agus a ligeann do dhaoine dul ar aghaidh chuig cúrsa fochéime as a dtiocfaidh cáilíocht ag Leibhéal 8 sa chreat cáilíochtaí;

(vii) cúrsa, ar a nglaoitear faoi láthair "cúrsa breise", a liostaítear i gCuid B de Sceideal 2, chomh maith leis an institiúid fhaofa a chuireann ar fáil é, agus a ghlacann—

(I) bliain amháin lena chríochnú agus a ligeann do dhaoine dul ar aghaidh chuig cúrsa fochéime as a dtiocfaidh cáilíocht ag Leibhéal 7 sa chreat cáilíochtaí, nó

(II) bliain amháin ar a laghad lena chríochnú agus a ligeann do dhaoine dul ar aghaidh chuig cúrsa fochéime as a dtiocfaidh cáilíocht ag Leibhéal 8 sa chreat cáilíochtaí;

(viii) cúrsa, ar a nglaoitear faoi láthair "clár teicniúil brostaithe", a ghlacann ocht mí dhéag lena chríochnú agus atá á chur ar fáil ag institiúid fhaofa atá laistigh de théarmaí alt 7(1)(*b*) den Acht agus a liostaítear i gCuid B de Sceideal 1;

(c) cúrsa lánaimseartha fochéime—

(i) a ghlacann tréimhse nach lú ná 2 bhliain lena chríochnú;

(ii) atá á chur ar fáil ag institiúid fhaofa i mBallstát seachas an Stát, nó i ndlínse shonrach ábhartha eile atá laistigh de théarmaí alt 7(1)(*e*) nó (f) den Acht; agus

(iii) as a dtiocfaidh cáilíocht ardoideachais agus oiliúna a aithnítear—

(I) ar bhealach, a ndéantar foráil ina thaobh le dlíthe an Bhallstáit, nó dhlínse shonrach ábhartha eile, de réir mar a bheidh, a fhreagraíonn do shocruithe, nósanna imeachta agus córais creat cáilíochtaí, nó

(II) go bhfuil sé ag teacht ar bhealach eile le dlíthe an Bhallstáit, nó an dlínse shonrach ábhartha, mar a bheidh.

(d) na cúrsaí iarchéime lánaimseartha seo a leanas sa Stát ina mbronntar ar mhac léinn, nuair a chríochnaítear iad, mórcháiliúchán ardoideachais agus oiliúna, ar cáilíocht aitheanta é de bhun an chreata cáilíochtaí—

(i) cúrsa a ghlacann tréimhse nach lú ná aon bhliain lena chríochnú agus atá á chur ar fáil ag institiúid fhaofa atá laistigh de théarmaí alt 7(1)(*a*), (*b*) (ba) nó (*c*) den Acht agus a liostaítear i gCuid A nó B de Sceideal 1;

(ii) cúrsa a ghlacann tréimhse nach lú ná aon bhliain lena chríochnú agus atá á chur ar fáil ag institiúid fhaofa a liostaítear i gCuid A de Sceideal 2;

(iii) cúrsa a ghlacann tréimhse nach lú ná aon bhliain lena chríochnú agus a liostaítear i gCuid B de Sceideal 2, mar aon leis an institiúid fhaofa atá á chur ar fáil;

(e) cúrsa iarchéime lánaimseartha—

(i) a ghlacann tréimhse nach lú ná aon bhliain amháin lena chríochnú;

(ii) atá á chur ar fáil ag institiúid fhaofa atá laistigh de théarmaí alt 7(1)(*e*) den Acht agus atá suite i dTuaisceart Éireann;

(iii) a liostaítear i Sceideal 3; agus

(iv) as a dtiocfaidh cáilíocht ardoideachais agus oiliúna a aithnítear—

(I) ar bhealach, a ndéantar foráil ina thaobh le dlíthe Thuaisceart Éireann, a fhreagraíonn do shocruithe, nósanna imeachta agus córais an chreata cáilíochtaí, nó

(II) go bhfuil sé ag teacht ar bhealach eile le dlíthe Thuaisceart Éireann; agus

(f) glacfar leis gurb ionann cúrsa atá faofa faoin alt seo a bhí ina chúrsa a bhí faofa faoi scéim roimhe seo don bhliain acadúil 2010/11 agus cúrsa ina mbronnfar, nuair a chríochnóidh mac léinn é, cáilíocht aitheanta air nó uirthi atá laistigh de chiall alt 4(*a*)(iv), (*b*) agus (*d*).

*Mic léinn fhorordaithe*

5. (1) Tá na baill teaghlaigh seo a leanas forordaithe mar "mhic léinn", chun críocha alt 14(1)(*d*) den Acht—

(a) duine ar ball teaghlaigh é nó í le duine dá dtagraítear in alt 14(1)(*a*) den Acht agus ag a bhfuil cead fanacht sa Stát mar bhall teaghlaigh duine mar seo faoi fhorálacha na Rialachán um Pobail Eorpacha (Saorghluaiseacht Daoine) 2006 agus 2008 agus Treoir 2004/38/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den

Chomhairle ar an 29 Aibreán 2004; agus

(b) duine ag a bhfuil cead fanacht sa Stát—

(i) de bhua é/í bheith pósta ar, nó bheith i bpáirtnéireacht shibhialta le saoránach Éireannach atá ina c(h)ónaí sa Stát, nó

(ii) mar pháiste cleithiúnach le duine a thiteann faoi chlásal (i) nó

(iii) mar pháiste cleithiúnach le duine a bhfuil saoránacht na hÉireann faighte aige nó aici, trí eadóirseacht, agus atá ina c(h)ónaí sa Stát.

2. Tá na haicmí daoine seo a leanas forordaithe mar "mhic léinn" chun chríocha alt 14(1)(*e*)(ii) den Acht—

(a) duine ar a bhfuil cead bronnta ar chúiseanna daonnachtúla ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais fanacht sa Stát faoi aon achtú atá i bhfeidhm faoi láthair

(b) duine ar a bhfuil cead bronnta cónaí sa Stát faoi Alt 49 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 (Uimh. 66 de 2015);

(c) duine ar a bhfuil cead bronnta ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina thaobh le fanacht tar éis cinnidh gan ordú díbeartha a dhéanamh faoi alt 3 den Acht Inimirce 1999 (Uimh. 22 de 1999); agus

(d) duine, de bhun Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cosaint Choimhdeach) 2013 (I.R. Uimh. 426 de 2013)—

(i) ar duine é nó í atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus a bhfuil dearbhú cosanta coimhdí ina thaobh i bhfeidhm agus dár bronnadh cead cónaísa Stát de bhun na Rialachán sin; nó

(ii) dár bhronn an tAire Dlí agus Cirt cead dul isteach agus cónaí sa Stát de bhun Rialachán 25 de na Rialacháin sin; nó

(iii) dár bhronn an tAire Dlí agus Cirt cead cónaí sa Stát de bhun Rialachán 26 de na Rialacháin sin.

(3) Forordaítear an aicme daoine seo a leanas chun críocha mhír (aa) d'alt 14 (1) den Acht, is é sin duine is náisiúnach den Ríocht Aontaithe

(4) Leanbh náisiúnaigh de chuid na Tuirce a bhfuil cead cónaithe tugtha ag an Aire Dlí agus Cirt ina leith agus atá, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Chinneadh 1/80 ón gComhairle Comhlachais a rinneadh de bhun Chomhaontú Ankara 1963, ina chónaí nó ina cónaí lena thuismitheoirí nó lena tuismitheoirí, atá nó a bhí fostaithe go dleathach laistigh den Stát agus ar féidir leo na coinníollacha a bhaineann le fostaíocht arna leagan síos i Airteagal 6 agus in Airteagal 7 de Chinneadh 1/80 a shásamh.

SCEIDEAL 1

*Rialacháin 3 agus 4.*

Institiúidí faofa

**CUID A**

Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
(i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2022)
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath,
Ollscoil Mhá Nuad – Éire
Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan
Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath
Ollscoil na hÉireann, Corcaigh
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh,
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath,
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre
agus an tIarthar Láir
Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheisceart
(i bhfeidhm ón 1 Bealtaine 2022)
Ollscoil Luimnigh

**CUID B**

Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach,
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan,
Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire,
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Maigh Eo,
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn,
Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach,
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge,

## CUID C

**Ainm Scoile**

**Iar-Ardteistiméireachta**

| Uimh. Rolla | CEATHARLACH |
|---|---|
| 76514K | Institiúid Breisoideachais Cheatharlach, Bóthar Chill Chainnigh, Co. Cheatharlach, R93 X232 |
| 91356F | Scoil Phobail na Tulaí, An Mullán, An Tulach, Co. Cheatharlach, R93 DT20 |
| | **AN CABHÁN** |
| 76087R | Institiúid an Chabháin, Bóthar na hArdeaglaise, An Cabhán, H12 E426 |
| | **AN CLÁR** |
| 62000W | Meánscoil Mhuire gan Smál, Lios Dún Bhearna, Co. an Chláir, V95 R2AW |
| 70840Q | Gairmscoil Inis Díomáin, Gleann Crí, Inis Díomáin, Co. an Chláir, V95 P991 |
| n/bh | An Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna – Campas na hInse, Páirc Ghnó Chluain Ráda Mór, Cluain Ráda Mór, Inis, Co. an Chláir, V95KT95 |
| n/bh | An Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna – Campas Inis Díomáin, Sráid an Teampaill, Inis Díomáin, Co. an Chláir, V95CX65 |
| 91448K | Pobalscoil Chill Rois, Cill Rois, Co. an Chláir, V15 KT04 |
| | **CORCAIGH** |
| 70910L | Coláiste Chionn tSáile, (Coláiste Bhrógáin Naofa), Bóthar Dhroichead na Bandan, Cionn tSáile, Co. Chorcaí, P17 NN67 |
| 70970G | Coláiste Pobail Churrach an Eich Bhuí, Currach an Eich Bhuí, An Cóbh, Co. Chorcaí, P24 WR29 |
| 71030J | Coláiste Mac Aogáin, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí, P12 E291 |
| 71050P | Coláiste Pobail Cholmáin, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí, P25 W658 |
| 71120K | Coláiste Tráchtála Chorcaí, Oileán Mhic Mhuiris, Corcaigh, T12 H685 |
| 71121M | Lár-Choláiste Eoin, Sráid an Mhuilinn Sábhadóireachta, Corcaigh, T12 DW32 |
| 71122O | Coláiste Stiofáin Naofa, Bóthar na Trá Móire, Corcaigh, T12 AC91 |

| | |
|---|---|
| 71123Q | Pobalcholáiste Thraolaigh Mhic Shuibhne, Cnoc na hAoine, Corcaigh, T23 DY01 |
| 76090G | Coláiste Pobail Bheanntraí, Beanntraí, Co. Chorcaí, P75 TE27 |
| 76434M | Coláiste Breisoideachais Mhala, West End, Annabella, Mala, Co. Chorcaí, P51 P732 |
| | **DÚN NA nGALL** |
| 71200I | Coláiste an Earagail, Windyhall, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall, F92 FC82 |
| 71241W | Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga, Co. Dhún na nGall, F94 A004 |
| 7124OU | Coláiste Ghleann Fhinne, Sraith an Urláir, Co. Dhún na nGall, F93 AE27 |
| | **BAILE ÁTHA CLIATH** |
| 70020B | Coláiste Pobail na Gráinsí, Bóthar na Gráinsí, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13, D13 NX25 |
| 70030E | Institiúid Breisoideachais na Carraige Duibhe (BFEI), An Phríomhshráid, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath, A94 X383 |
| 70040H | Coláiste Pobail Ráth an Deagánaigh, Ard Westbourne, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22, D22 RY77 |
| 70041J | Coláiste Pobail Pháirc Bhaile Choilín, Rualach, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22, D22 X458 |
| 70050K | Institiúid Breisoideachais Dhún Laoghaire (DFEI), 17 Sráid Cumberland, Co. Bhaile Átha Cliath, A96 EP44 |
| 70070Q | Coláiste Breisoideachais Dhún Droma, An Phríomhshráid, Dún Droma, Baile Átha Cliath 14, D14 HD83 |
| 70090W | Coláiste Breisoideachais an Naigín, Sráid an Phiarsaigh, An Naigín, Co. Bhaile Átha Cliath, A96 KV84 |
| 70110C | Coláiste Breisoideachais Stigh Lorgan, Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath, Stigh Lorgan, Co. Bhaile Átha Cliath, A94 P861 |
| 70130I | Coláiste Pobail na nGlaschnoc, Ascaill na Tiníleach, Na Glaschnoic, Baile Átha Cliath 12, D12 DP8W |
| 70081V | Coláiste Pobail Ráth Dara, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15, D15 P380 |
| 91316Q | Pobalscoil Bhaile an Bhlácaigh, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15, D15 F978 |

91310E Pobalscoil Chábán tSíle, Bóthar Bhaile Sheáin, Cábán tSíle, Baile Átha Cliath 18, D18 VH73

91318U Pobalscoil Thobar an Domhnaigh, Bóthar Bhaile an tSrutháin, Baile Átha Cliath 13, D13 YN77

91338D Pobalscoil Naomh Aodáin, Gort an tSrutháin, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, D24 XA46

**CATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH**

70170U Coláiste Breisoideachais Chromghlinne, Bóthar Chromghlinne, Baile Átha Cliath 12, D12 K5CE

70190D Coláiste Íde, Coláiste Breisoideachais, Bóthar Dhroiched Chairdif, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11, D11 N402

70220J Coláiste Breisoideachais Inse Chór, Bóthar Emmet, Baile Átha Cliath 8, D08 PX93

70230M Coláiste Chill Easra, Ascaill Uí Choileáin Thoir, Baile Átha Cliath 5, D05 TW21

70240P Coláiste na Coille Móire, Bóthar na Coille Móire, Baile Formaid, Baile Átha Cliath 10, D10 RY73

70250S Coláiste Marino, 14-20 Marglann Marino, Fionnradharc, Baile Átha Cliath 3, D01 Y160

70280E Coláiste Breisoideachais Ráth Maoinis, Halla an Bhaile, Ráth Maoinis, Baile Átha Cliath 6, D06 A215

70290H Coláiste Breisoideachais Dhroichead na Dothra, Br. Shelbourne, Baile Átha Cliath 4, D04 R201

70300H Coláiste an Phiarsaigh, Bóthar an Chlochair, Baile Átha Cliath 12, D12 CR22

70310K Coláiste Pluincéad, Bóthar Shord, An Halla Bán, Baile Átha Cliath 9, D09 C94K

70320N Coláiste Breisoideachais Fhionnbhrú, Br. Mobhí, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9, D09 XP65

70340T Coláiste na Saoirsí, Sráid Scabhat na dTarbh, Na Saoirsí, Baile Átha Cliath 8, D08 A8NO

70342A Coláiste Breisoideachais Bhaile Formaid, Bóthar Bhaile Formaid, Baile Átha Cliath 10, D10 TX46

76094O Coláiste Dhúlaigh, Coláiste Breisoideachais, Bóthar Chluain Seach, An Chúlóg, Baile Átha Cliath 17, D17 KH66

**GAILLIMH**

62900M Coláiste Mhuire, Béal Átha Ghártha, Co. Gaillimh, F42 D265

| | |
|---|---|
| 62930V | Coláiste Naomh Cuain, Gallach, Co. na Gaillimhe, H53 AN80 |
| 71270G | Coláiste an Chláirín, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe, H65 KC65 |
| 71290M | Coláiste an Chreagáin, An Creagán, Co. na Gaillimhe, H54 EV84 |
| 71340B | Institiúid Theicniúil na Gaillimhe, Bóthar an Athar Uí Ghríofa, An Cladach, Gaillimh, H91 KA49 |
| 71400Q | Coláiste Pobail na Gaillimhe, Móinín na gCiseach, Gaillimh, H91 K642 |
| 91412M | Scoil Phobail an Chlocháin, An Clochán, Co. na Gaillimhe, H71 W673 |
| 91514U | Pobalscoil Ghleann na Madadh, Sráid an tSéipéil, Gleann na Madadh, Co. na Gaillimhe, F45 KF50 |
| | **CIARRAÍ** |
| n/bh | Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí – Campas Lios Tuathail, Sráid na hEaglaise Uachtarach, Lios Tuathail, Co. Chiarraí, V31 WD34 |
| n/bh | Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí – Campas Bhóthar na Claise, Bóthar na Claise, Trá Lí, Co. Chiarraí, V92 Y991 |
| n/bh | Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí – Campas Shráid Deiní, 5-8 Sráid Deiní, Trá Lí, Co. Chiarraí, V92 Y751 |
| n/bh | Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí – Campas Mhóin an Bhaile, Eastát Tionsclaíochta Mhóin an Bhaile, Trá Lí, Co. Chiarraí, V92 PW50 |
| n/bh | Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí – Campas Chill Orglan, Ceapaigh na Lao, Loch Cárthaí, Cill Orglan, Co. Chiarraí, V93 EY00 |
| | **CILL DARA** |
| 70680U | Coláiste Pobail Chonlao, Bóthar an Stáisiúin, An Droichead Nua, Co. Chill Dara, W12 C432 |

## CILL CHAINNIGH

| | |
|---|---|
| 70590T | Coláiste an Dubhuisce, Gráig na Manach, Co. Chill Chainnigh, R95 RR94 |
| 70610W | Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh, An tSráid Nua, Cill Chainnigh, R95 W2XN |

## LAOIS

| | |
|---|---|
| 40039E | Ionad Breisoideachais Mhainistir Laoise, Bóthar Mhaighean Rátha, Mainistir Laoise, Co. Laoise, R32 TX30 |
| 71510A | Institiúid Phort Laoise (Coláiste Phort Laoise), Bóthar Mhaighean Rátha, Port Laoise, Co. Laoise, R32 N795 |
| n/bh | Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chúil an tSúdaire, 12 Sráid Bhreac-chluana, Cúil an tSúdaire, Co. Laoise, R32 FX49 |

## LIATROIM

| | |
|---|---|
| 71560P | Coláiste Loch Aillionn, Droimh Caorthainn, Co. Liatroma, N41 XT98 |
| 71570S | Gairmscoil Dhroim Seanbhó, Droim Seanbhó, Co. Liatroma, N41 D623 |

## LUIMNEACH

| | |
|---|---|
| 64250J | Coláiste Nano Nagle (Lár-Choláiste Luimnigh), Sráid Uí Sheasnáin, Luimneach, V94 WP48 |
| n/bh | Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Luimnigh - Campas Shráid Mulgrave, Sráid Mulgrave, Luimneach, V94 P232 |
| n/bh | Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Luimnigh - Campas Chromadh, An tSráid Ard, Cromadh, Co. Luimnigh, V35 W727 |
| 71930W | Coláiste Breisoideachais Luimnigh, Sráid Mulgrave, Luimneach, V94 P232 |

## AN LONGFORT

| | |
|---|---|
| 71730O | Coláiste Theampall Mhichíl, Teampall Mhichíl, An Longfort, N39 DA02 |

## LÚ

| | |
|---|---|
| 71760A | Institiúid Breisoideachais Dhroichead Átha, Na Fichidí, Droichead Átha, Co. Lú, A92 V586 |
| 71770D | Coláiste Uí Fhiaich, Lána Uí Eochaidh, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Dún Dealgan, Co. Lú, A91 WK75 |

**MAIGH EO**

| | |
|---|---|
| 64570E | Meánscoil Mhuire, Béal an Mhuirthead, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 RH50 |
| 64660F | Coláiste Sancta Maria, Cluain Cearbán, Co. Mhaigh Eo, F28 NY64 |
| 72020L | Coláiste na Maighne, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 W884 |
| 72100J | Coláiste Thiarnáin Naofa, Crois Mhaoilíona, Co. Mhaigh Eo, F26 WK25 |
| 72160E | Coláiste Breisoideachais Chathair na Mart, Bóthar Bhaile Uí Fhiacháin, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo, F28 TP82 |
| 76060U | Coláiste Breisoideachais Chaisleán an Bharraigh (Coláiste Davitt), An Baile Nua, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, F23 EW84 |
| 91461C | Pobalscoil Bhéal Átha hAmhnais, Bóthar Chnoc Mhuire, Béal Átha hAmhnais, Co. Mhaigh Eo, F35 RF63 |
| 91494R | Pobalscoil Louis, Coillte Mach, Co. Mhaigh Eo, F12 RP76 |
| n/bh | Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, An Baile Nua, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, F23 EW84 |

**AN MHÍ**

| | |
|---|---|
| 76374U | Coláiste Breisoideachais Dhún Búinne, Páirc Gnó Dhún Búinne, Dún Búinne, Co. na Mí, A86 FH01 |

**MUINEACHÁN**

| | |
|---|---|
| 76095Q | Institiúid Mhuineacháin, Campas Oideachais, Bóthar Ard Mhacha, Muineachán, H18 FY94 |

**UÍBH FHAILÍ**

| | |
|---|---|
| 41169W | Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thulach Mhór, Foirgnimh an Chaisleáin, Sráid na Teamhrach, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí, R35 E9K8 |

**ROS COMÁIN**

| | |
|---|---|
| 68325L | Coláiste Chiaráin, Cnoc an tSamhraidh, Baile Átha Luain, Co. Ros Comáin, N37 AH97 |
| 91493P | Pobalscoil an Chaisleáin Riabhaigh, An Caisleán Riabhach, Co. Ros Comáin, F45 ER02 |

**SLIGEACH**

| | |
|---|---|
| 65150K | Meánscoil Íosa agus Mhuire, Inis Crabhann, Co. Shligigh, F26 WR83 |
| 65181V | Coláiste na Trócaire, Cnoc an tSéipéil, Sligeach, F91 CF80 |

| | |
|---|---|
| 72350J | Coláiste Thuaisceart Chonnacht, Tobar an Choire, Co. Shligigh, F91 X883 |
| 72360M | Coláiste Bhéal Átha an Fhóid/Coláiste Breisoideachais Shligigh, Bóthar an Ghalltrumpa, Béal Átha an Fhóid, Sligeach, F91 DY66 |
| | **TIOBRAID ÁRANN** |
| 72420E | An Lár-Institiúid Theicniúil, An Meal, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann, E91 K2E2 |
| 72440K | Coláiste Breisoideachais an Aonaigh, Bóthar na Dromann, An tAonach, Co. Thiobraid Árann, E45 VF51 |
| 72470T | Coláiste Breisoideachais an Teampaill Mhóir, An Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann, E41 FF98 |
| 72480W | Meánscoil Naomh Ailbhe, Bóthar Rosanna, Baile Thiobraid Árann, Co. Thiobraid Árann, E34 H596 |
| 72490C | Coláiste Mhuire, Comh-Oid, Plásóga an Chaisleáin, Durlas, Co. Thiobraid Árann, E41 W678 |
| 76069P | Coláiste Phobal Ros Cré, Bóthar an Chorrbhaile, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann, E53 V449 |
| n/bh | Ionad Seirbhísí Pobail Thiobraid Árann, Sráid Mhichíl, Tiobraid Árann, Co. Thiobraid Árann, E34 KI56 |
| | **PORT LÁIRGE** |
| 72220T | Coláiste Dhún Garbhán, Bóthar Eochaille, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge, X35 PV34 |
| 72240C | Coláiste Breisoideachais Phort Láirge, Sráid Parnell, Port Láirge, X91 VKT9 |
| | **AN IARMHÍ** |
| 71450I | Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr, Bóthar Millmount, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí, N91 TC59 |
| 91501L | Coláiste Gnó an Mhóta (Pobalscoil), Bóthar an Locha, An Móta, Co. na hIarmhí, N37 WK44 |
| | **LOCH GARMAN** |

| | |
|---|---|
| 71630K | Coláiste Gairmoideachais Inis Córthaidh, Bóthar Theach an Mhíle, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman, Y21 YX56 |
| 71650Q | Coláiste an Átha, Cill Mhucraise, Co. Loch Garman, Y25 C952 |
| 71660T | Coláiste an Chinnéidigh, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman, Y34 YW08 |
| 71680C | Coláiste Selskar, An Geata Thiar, Loch Garman, Y35 RY27 |
| 91492N | Pobalscoil Ghuaire, Guaire, Co. Loch Garman, Y25 YX29 |
| | **CILL MHANTÁIN** |
| 70770V | Institiúid Breisoideachais Bhré (Coláiste Pobail Naomh Thomáis), Ascaill Novara, Bré, Co. Chill Mhantáin, A98 ND89 |

SCEIDEAL 2

Forais agus cúrsaí faofa

CUID A

Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, Baile Átha Cliath, Coláiste Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath, Coláiste Muire Marino, Baile Átha Cliath, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach.

Coláiste San Aingeal, Loch Gile, Sligeach.

CUID B

**Ollscoil Phontaifiúil Mhá Nuad**

Maidir leis na cúrsaí fochéime seo a leanas:

— Céim Bhaitsiléara (Onóracha) sa Diagacht [3 Bliana]
— Céim Bhaitsiléara Onóracha sa Diagacht agus sna hEalaíona [3 Bliana]
— Céim Bhaitsiléara Onóracha Idirnáisiúnta sa Diagacht agus sna hEalaíona [4 Bliana]

Maidir leis na cúrsaí iarchéime seo a leanas:

— Céim MA sa Diagacht [1 bhliain]
— Céim MA sa Diagacht [2 bhliain]
— Céim Dhochtúra PhD sa Diagacht [3 bliana]

**Coláiste Cheatharlach (Naomh Pádraig)**

Maidir leis na cúrsaí fochéime seo a leanas:

— BA (Gnáthchéim) sa Staidéar Sóisialta Feidhmeach sa Chúram Sóisialta Gairmiúil [3 bliana]
— BA (Onóracha) sa Staidéar Sóisialta Feidhmeach sa Chúram Sóisialta Gairmiúil [1 bhliain breise]
— BA (Gnáthchéim) sna Daonnachtaí agus sna hEalaíona [3 bliana]
— BA (Onóracha) sna Daonnachtaí agus sna hEalaíona [4 bliana]
— BA (Onóracha) sa Staidéar Sóisialta, Politiúil,agus Pobail [4 bliana]
— BA (Onóracha) sa Bhéarla agus sa Stair [4 bliana]

Maidir leis na cúrsaí iarchéime seo a leanas:

— MA sa Bhéarla trí Thaighde [2 bhliain]
— MA san Fhealsúnacht trí Thaighde [2 bhliain]
— MA sa Stair trí Thaighde [2 bhliain]
— MA sa Reiligiúin/ sa Diagacht trí Thaighde [2 bhliain]

**Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn**

Maidir leis na cúrsaí fochéime seo a leanas:

— MB, BCH, BAO (LRCP, SI) [5 bliana]
— MB BCH, BAO, LRCP, SI [6 bliana]
— B.Sc. (Onór) i gCógaisíocht [4 bliana]
— B.Sc. (Onór) i bhFisiteiripe [4 bliana]
— B.Sc. (Onóracha) sna hArdteicneolaíochtaí Teiripeacha [4 bliana]

Maidir leis na cúrsaí iarchéime seo a leanas:

— Dochtúir le Fealsúnacht (Ph.D.) [4 bliana]
— Dochtúireacht Leighis (M.D.) [4 bliana]

101 **[10]**

— M.Sc. trí Thaighde [2 bhliain]
— Máistir le Cógaisíocht (M. Pharm.) [1 bhliain]

**Coláiste Montessori, (A.M.I.) Baile an Mhuilinn**

Maidir leis na cúrsaí fochéime seo a leanas:

- — Dioplóma Teagaisc Montessori
  - Cuid 1: Luath-Óige (3 go 6 bliana d'aois) [Bliain 1 agus 2]
  - Cuid 2: Bunscolaíocht (6 go 12 bhliain d'aois) [Bliain 3]

**Coláiste San Nioclás, Montessori**

Maidir leis na cúrsaí fochéime seo a leanas:

— B.Ed. in Oideachas Montessori (Leibhéal 7)
— B. Ed. in Oideachas Montessori (Leibhéal 8)
— BA (Onóracha) in Oideachas Montessori [Leibhéal 8]

**Cumann Onórach Óstaí an Rí**

Maidir leis an gcúrsa iarchéime seo a leanas:

— Céim Abhcóide [1 bhliain]

**Dlí-Chumann na hÉireann, Plás Blackhall**

Maidir leis an gcúrsa iarchéime seo a leanas:

- — Cúrsa Cleachtais Ghairmiúil (PPC)
  - Cuid I
  - Cuid II

Cúrsa Cleachtais Ghairmiúil (PPC) [1 bhliain lánaimseartha ag freastal ar an gcampas]

## SCEIDEAL 3

Cúrsaí Iarchéime Faofa i dTuaisceart Éireann

**Ollscoil na Banríona, Béal Feirste**
Cúrsa iarchéime lán-aimseartha a mhaireann tréimhse nach lú ná bliain amháin

**Ollscoil Uladh**
Cúrsa iarchéime lán-aimseartha a mhaireann tréimhse nach lú ná bliain amháin

**Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste**
Teastas Iarchéime san Oideachas (Gaeloideachas)

**Coláiste an tSrutháin Mhilis, Béal Feirste**
Teastas Iarchéime san Oideachas

Toilíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le déanamh na Rialachán thuasluaite.

L.S.

TUGTHA faoi Shéala Oifigiúil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe,
an 9 Márta 2022.

MICHAEL MCGRATH,
An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

L.S.

TUGTHA faoi mo Shéala Oifigiúil,
an 9 Márta 2022.

SIMON HARRIS,
Aire Stáit ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

## NÓTA MÍNIÚCHÁIN

*(Ní cuid den Ionstraim é an nóta seo agus ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é).*

Déantar na Rialacháin seo de bhun cumhachtaí arna dtabhairt don Aire Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus eolaíochta faoin Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 agus an tOrdú um Breidoideachas, agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) 2020, (I.R. Uimh. 451 de 2020). Forordaíonn siad "forais faofa", "cúrsaí faofa" agus "aicmí daoine" chun chríocha an Achta sin.

Féadfar na Rialacháin seo a lua mar na Rialacháin um Thacaíocht do Mhic Léinn 2022

101 **[10]**